

Do b'fhearr mo sheachna, a Shíle

[McKenna, L.: *Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 41]

Tadhg Mac Dáire cct.

1 Do b'fhearr mo sheachna, a Shíle,
fiú ar fhéachas d'íúl sheinlíne,
a through náir chéimiodhan chorr,
nar cháir éilioghadh orom.

2 Dom dhearbhadhsa, a dhreach mhála,
fuair tú nó ar tí teagmhála
ceisd cheilge nar dhiamhair dhún
nó is d'iarraidh m'fheirge d'fhadúdh.

3 Narbh fhiú liom labhra chorrach
tug mé ar th'aghaidh urromach
re hucht [coimhridge], a chúl slim,
is rún oirbhire im inntinn.

4 Do bhádar adhbhair eile
liom bhós fa bheith céilleidhe
sinn éadána ar th'fhabhra mall
damhna th'éagcára d'fhulang.

5 Níor chuir mé i n-iongna oruibh
- cuid eile dom adhbhoruibh -
gan bheith fortuill i bhfoghlaim
dod dhreich fholtruim abhramhuill.

6 Ní [tú] as cionntach, a chiabh lag,
'n-a bhfuil d'aineolas orad,
a chinn sídh bhoighnse Breagh;
bídh ar th'oidibhse a aithbhear.

7 [Céillidh th'aitheasg], a fholt tiogh,
séaghuinn osgailte th'aigheadh
lucht foghlaimthe acht nach fuair sibh,
a ghruaidh dhonnghairthe dhílligh.

8 Do faighreadh - feirrde m'aigheadh -
meise, a bhaisréidh bhrághaidgheal
nach mealltair go hollamh ionn
i gceardchaibh ollamh Éirionn.

9 Dámadh ionann - mar nach eadh -
oideas dúinn, a dhreach áilghean,

ná [hiongantaigh], a chiabh cham,
go mbiadh [th'iomarcaidh] agam.

10 Dall cách i gceird ar-oile;
cur riom, a rosg seabhcoidhe,
i gcroiniceacht níor chéim dhuit,
a shéimh fhuighilcheart ordhruic.

11 Ní hionann sinne is sibh féin;
ní chuirfinn, a chruth soiléir,
geall ar ghníomh ríoghnamhuil ruibh
do dhíol d'fhíormhodhuibh ionnuibh.

12 Níor bh'fhíor, a inghean Éamoinn,
- dámadh fhíor ní aibéaroinn
red dhreich seing mbairrleabhair mbinn -
go mbeinn d'airrdheanaibh inghill.

13 Ní hinghill - ní hiongna liom -
leat meise ar mhaille gcéimeann
ná ar ghlór mín i n-uair annuimh
ná ar fhuaim shídh do shaorchlannuibh

14 Ná ar dhuasaibh móra mionca
ná ar fhoisdine n-aigionta
ná ar chruth gcaomh mbonnbhán mbanda
ná ar chomhrádh saor séaghanda.

15 Ní mar sin duitse, a dhearc mhall;
do-rinnis d'éagcóir oram
cur ghill na [foghluime] féin
linn mar [fhoghlaime aigbhéil].

16 Do bheanais - níor bheanta dhuit -
a bhaincheann chríche Cormuic
- bheith réidh ní héadóigh uime -
béim san éagcóir oruinne.

17 Feirrde an rún do-rinne sinn
dámadh áil liom nach léigfinn
led chneas nglainrighin ngéag dtrom
méad bhur n-aindlighidh orom.

18 Ar son nar bh'fhíor a rádh ruibh
ní budh iomnár let aghaidh
clár finnleargan do ghruadh ngeal
d'imdheargadh uam do b'éidear.

19 Do ghealfadh mé an malaigh nduibh

's do-ghéanuinn dubh 'n-a dheaghuidh
do thaobh chneasaolta mar chailc
do thaobh mh'esaonta d'adhaint.

20 Na ruisg gorma ar ghné an oighridh
do dheargfuinn iad d'fhorfhoighlibh
gríosadh th'aighthe acht nar dhual damh
['s do] ghruadh gairthe do ghormadh.

21 Gan chrithir m'fheirge d'fhiuchadh
fa ndearnais orm d'éiliuchadh
dod chéibh bharrúrthais shaoir shing
do thaoibh andúthchais fhuilgim.

22 Saoth liom nach do mhnáibh Muimhneach
tusa, a bhanda bhionnfhuighleach,
feadh do bhaoghlaighthe im bhuaín ruinn,
a ghruaidh shaorghairthe shéaghuinn.

23 Dámadh d'Íbh Briain do bharr slim
ní fhuighthea a n-uarais d'uirrim
nó d'Íbh Carthaigh Chuain Innse
- marthain uaim don fhuirinnse.

24 Fuil Cholladh fad chneas mar thuinn
lá na feirge dá bhfeasuinn
nó fuil mhaithmheach chaoín ó gCais
dob aithreach dhaoibh a ndearnais.

25 Duach mhac Briain do bheith umad
ó 'd-chuala, a chúl bachullag,
an aicmeise fad ghnúis ghluin
budh cúis mh'aintreise oruibh.

26 Breitheamh córach Clár na Niall
go bhfaice mé Mac Uilliam;
ní am aghaidh as cóir a dhul
cóir im fhalaidh ní iarrobh. Do b'fhearr [Leg. ro bfhearr?].